# Léirsithe móra sa Ghraonlainn

Eochairfhocail: léirsithe, taraifí, faoin gcéad, tacaigh, an Ghraonlainn, an Danmhairg

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**


1.Ainmnigh an dá áit a raibh léirsithe móra ar siúl iontu le cúpla lá anuas?
2.Céard í an bhagairt atá á déanamh ag an Uachtarán Trump?
3.Cad a dhéanfaidh an tUachtarán Trump le tíortha Eorpacha atá i NATO a thacóidh leis an nGraonlainn?
4.Cá raibh na léirsithe ar siúl sa Danmhairg?
5.Cén saghas rialachais atá i bhfeidhm sa Ghraonlainn?
7.Cad is ainm do phríomhchathair na Graonlainne?
8.Cén suíomh de chuid na meán sóisialta ar ar fhógair an tUachtarán Trump go ngearrfadh sé taraifí ar thíortha Eorpacha a thacaíonn leis an nGraonlainn?
9.Cad a dhéanfar leis na taraifí sin i mí an mheithimh?
10. Cathain a gheofar réidh leis na taraifí sin?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta agus Scríbhneoireachta: Aimsigh na botúin

**Athscríobh an sliocht seo a leanas i do chóipleabhar agus ceartaigh na naoi mbotún atá ann**

Bhí na mílte (1) daoine amuigh ag léirsiú an (2) seachtain seo sa Danmhairg agus sa Ghraonlainn. Ráitis an Uachtaráin Trump go dteastaíonn ó na Stáit Aontaithe an Ghraonlainn a cheannach ba (3) cúis leis na léirsithe. Tá muintir na Danmhairge agus na Graonlainne deimhin de go bhfanfaidh an Ghraonlainn mar chuid de Ríocht na (4) Danmhairg. Tá (5) tírtha na hEorpa ag tacú leis an Danmhairg, den chuid is mó. Tá an teannas ag méadú go hidirnáisiúnta le cúpla (6) seachtainí anuas agus tá an-chuid polaiteoirí i (7) meiriceá agus san Eoraip ag déanamh a seacht (8) dícheall an teannas a mhaolú agus teacht ar chomhréiteach. (9) Bhí le feiceáil.



## Freagraí

1. An Danmhairg agus an Ghraonlainn
2. Go nglacfaidh Meiriceá seilbh ar oileán na Graonlainne
3. Gearrfaidh sé taraif 10% ar a laghad ar na tíortha sin
4. Sráideanna na príomhchathrach agus i gcathracha eile sa tír
5. Féinrialtas den chuid is mó
6. Daonlathas na Graonlainne, na cearta bunúsacha, an dlí idirnáisiúnta, comhionannas tíre
7. Nuuk
8. Truth Social
9. Ardófar arís iad go 25%
10. Fanfaidh siad i bhfeidhm go dtí go n-éireoidh leis na Stáit Aontaithe an Ghraonlainn a cheannach, a deir an tUachtarán Trump

Bhí na mílte duine amuigh ag léirsiú an tseachtain seo sa Danmhairg agus sa Ghraonlainn. Ráitis an Uachtaráin Trump go dteastaíonn ó na Stáit Aontaithe an Ghraonlainn a cheannach ba chúis leis na léirsithe. Tá muintir na Danmhairge agus na Graonlainne deimhin de go bhfanfaidh an Ghraonlainn mar chuid de Ríocht na Danmhairge. Tá tíortha na hEorpa ag tacú leis an Danmhairg, den chuid is mó. Tá an teannas ag méadú go hidirnáisiúnta le cúpla seachtain anuas agus tá an-chuid polaiteoirí i Meiriceá agus san Eorpaip ag déanamh a seacht ndícheall an teannas a mhaolú agus teacht ar chomhréiteach. Beidh le feiceáil.